Ag Caint Leatsa

Polasaí Cumarsáide, Scoil Chaitlín Maude

Tús Eolais

Déanann an scoil agus an teaghlach a ndícheall a bheith comhthacaíoch agus meas a thabhairt dá chéile agus tá sé mar aidhm acu comhoibriú chun leasa an linbh agus a gcuid foghlama ionas gur féidir le hoideachas an linbh a bheith éifeachtach. Tá an teaghlach agus an baile lárnach i bhforbairt shóisialta agus intleachtúil an linbh agus i gcothú dea-luachanna morálta.

D'fhorbair Bord Bainistíochta agus foireann Scoil Chaitlín Maude an polasaí seo i gcomhairle le tuismitheoirí agus le daltaí sa scoilbhliain 2024-2025. Is é an aidhm atá leis ná eolas agus treoirlínte a sholáthar do thuismitheoirí agus don fhoireann ar chumarsáid tuismitheora/foirne lena n-áirítear cruinnithe foirmiúla agus neamhfhoirmiúla idir tuismitheoirí agus baill foirne.

Tá a fhios againn ó thaighde go n-éiríonn níos fear le daltaí, go n-iompraíonn siad níos fearr agus go mbíonn siad níos sona ar scoil nuair a oibríonn tuismitheoirí agus múinteoirí go dlúth le chéile agus nuair a bhíonn tuismitheoirí in ann tacaíocht a thabhairt dá bpáistí sa bhaile.

Tá foireann & bord Scoil Chaitlín Maude tiomanta do:

- Dlúthcheangail éifeachtacha a fhorbairt le tuismitheoirí
- Páirt a ghlacadh i gcruinnithe ar bhealach dearfach agus measúil, ag dearbhú ról lárnach agus bunúsach na dtuismitheoirí mar Phríomhoideachasóirí a bpáistí
- Éiteas, luachanna agus carachtar sainiúil Scoil Chaitlín Maude a chothabháil
- Tacaíocht agus éascú a thabhairt do Chumann na dTuismitheoirí
- Rannpháirtíocht tuismitheoirí i saol na scoile a spreagadh agus a éascú

Moltar do thuismitheoirí:

- Dlúthnaisc a dhéanamh leis an scoil
- Comhoibriú leis an scoil chun lánacmhainneacht a bpáistí a fhorbairt
- An fhreagracht a roinnt maidir le cinntiú go bhfanann an scoil dílis dá héiteas, luachanna agus carachtar sainiúil
- Páirt ghníomhach a ghlacadh sa scoil agus i gCumann na dTuismitheoirí

I ngach ábhar a bhaineann le folláine agus le hoideachas na ndaltaí, ní rachaidh an fhoireann i gcomhairle ach leis na tuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla. Tá sé riachtanach go n-ainmnítear gach tuismitheoir agus caomhnóir dlíthiúil ar an bhfoirm rollacháin.

Iompar gach duine fásta sa scoil

Tá cumarsáid dhearfach agus measúil thar a bheith tábhachtach dár scoil. Tá freagracht ar dhaoine fásta i bpobal na scoile (tuismitheoirí, baill foirne, cuairteoirí) a chinntiú go bhfuil a n-iompar féin ina eiseamláirí de na cineálacha iompair a bhfuiltear ag súil leo ó leanaí.

- Bítear ag súil go labhróidh gach duine fásta sa scoil lena chéile le meas agus nach mbeidh scairt nó tuineacha ionsaitheacha ann. Má léiríonn aon duine fásta fearg nó ionsaí ar bhall eile de phobal na scoile, féadfar iarraidh orthu iad féin a bhaint den fhoirgneamh agus/nó láithreán na scoile. I gcásanna tromchúiseacha, agus más gá, cuirfear glaoch ar na Gardaí

- Beidh meas ag an scoil ar cheart na bpáistí agus na dtuismitheoirí ar phríobháideachas agus mar sin níor cheart iarraidh ar an bhfoireann labhairt faoi aon leanbh seachas do leanbh féin agus ní thairgfidh an fhoireann aon sonraí nó eolas maidir le leanaí eile

Eolas don scoil chun do pháiste a choinneáil slán sábháilte

- Tá sé ríthábhachtach go gcuirfí an scoil ar an eolas láithreach má tharlaíonn imeachtaí/cúinsí teaghlaigh a d'fhéadfadh imní a chur ar do leanbh agus a d'fhéadfadh cur isteach ar a (h)oideachas. Ba cheart go mbeadh an múinteoir ranga mar chéad phointe teagmhála do linbh i gcónaí

- Ba chóir go mbeadh a fhios ag an scoil i gcónaí cé atá ag bailiú do pháiste. Ba chóir go mbeadh liosta ag rúnaí na scoile de na daoine a thug tú cead dóibh do pháiste a bhailiú agus a sonraí teagmhála. Dá n-athródh sin is ortsa atá an dualgas an t-athrú a chur in iúl do rúnaí na scoile. Is féidir leat an t-eolas seo a chur ar fáil trí ríomhphost nó buail isteach chuig oifig na scoile nó nuashonraigh sonraí ar Aladdin. Ní scaoilfear páiste in aon chás d'aon duine nach bhfuil údaraithe/gan aithne ag an scoil. Más rud é, ag am ar bith, go n-athraíonn tuismitheoirí na socruithe piocadh suas dá leanbh, ba chóir don scoil údarú scríofa a thabhairt don scoil láithreach

Struchtúir chun cumarsáid oscailte & comhairliúchán le tuismitheoirí a éascú

Comhairliúchán i gcaitheamh na scoilbhliana:

- Lá Oscailte do na Naíonáin Bheaga nua agus a dtuismitheoirí i mí Meitheamh gach bliain
- Cruinnithe ranga i Meán Fómhair. Uaireanta, buaileann múinteoirí le tuismitheoirí a ranga i dtreo dheireadh mhí Mheán Fómhair chun iad féin a chur in aithne agus chun curaclam, rialacha an ranga agus ionchais na bliana a leagan amach
- Cruinnithe tuismitheoirí/múinteoirí duine-le-duine i mí Eanáir (coimeádann gach múinteoir taifead gearr scríofa den chruinniú)
- Buaileann múinteoirí ranga / Múinteoir Oideachais Speisialta le tuismitheoirí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais ag a bpáistí i Meán Fómhair/Deireadh Fómhair, Eanáir/Feabhra agus Bealtaine/Meitheamh

Cumarsáid scríofa ina measc:

- Ríomhphost seolta ó mhúinteoirí ranga chuig tuismitheoirí
- Ríomhphoist seolta ó thuismitheoirí chuig na múinteoirí ranga
- Teachtaireachtaí a sheoltar trí Aladdin Connect
- Coinníonn nuachtlitreacha rialta tuismitheoirí ar an eolas faoi imeachtaí scoile, laethanta saoire, cinntí a dhéantar chun polasaithe agus nósanna imeachta reatha a athrú nó cinn nua agus ábhair imní eile scoile a thabhairt isteach
- Nuashonruithe ranga trí Aladdin
- Tuairisc scoile do gach dalta ag deireadh gach scoilbhliana (roinnte trí Aladdin)
- Teachtaireachtaí téacs le haghaidh meabhrúcháin ghinearálta (m.sh. dúnta scoile, maidineacha caife)
- D'fhéadfadh dialann baile scoile a bheith ag roinnt daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (RSO). Ní bealach é seo chun dul chun cinn acadúil/sóisialta a athbhreithniú ach is uirlis úsáideach é chun eolas a roinnt idir an baile agus an scoil
- Ríomhphost ón bpríomhoide chuig teaghlaigh

Go ginearálta, beidh an chumarsáid a sheolfar ón scoil saor ó pháipéar. Seolfar ríomhphoist ón scoil chuig an seoladh/seoltaí ríomhphoist a chuirtear ar fáil ag an gclárú, mura n-iarrann tuismitheoirí a mhalairt. Seolfar aon chumarsáid pháipéir a sheoltar ón scoil chuig seoladh baile an linbh mar a thugtar ar an bhfoirm chlárúcháin, mura n-iarrann tuismitheoirí a mhalairt.

I measc na bpróiseas agus na struchtúr eile tá:

- Tugtar cuireadh do thuismitheoirí plé a dhéanamh agus cur le dréachtú agus athbhreithniú polasaithe scoile trí shuirbhéanna agus grúpaí fócais
- Tugtar cuireadh do thuismitheoirí chuig imeachtaí i rith na bliana e.g. Laethanta súgartha, Imeachtaí Léitheoireachta, taispeántais eolaíochta, Seachtain na Gaeilge, Seachtain Cairdis
- Aladdin Connect. Molaimid do gach tuismitheoir úsáid a bhaint as an aip seo. Tríd an aip seo is féidir sonraí teagmhála a nuashonrú, cead a lorg, neamhláithreachtaí a mhíniú, tuairiscí scoile a fheiceáil, is féidir íocaíochtaí a dhéanamh

Nósanna imeachta do thuismitheoirí chun cumarsáid a thosú leis an scoil

Más mian le tuismitheoir dul i gcomhairle le múinteoir is féidir leo dul i dteagmháil leis an múinteoir chun am oiriúnach a shocrú. Sa chás go bhfuil gearán ag tuismitheoir, leagtar amach in Aguisín 1 na nósanna imeachta atá le leanúint.

Tosaíonn na ranganna ag 8.45 agus críochnaíonn siad ar 1.30 (Naíonáin) agus 2.30 (Rang 3-6) agus níor cheart cur isteach ar an am seo. Seachnaítear cruinnithe le foireann ag doras an ranga nó sa chlós chun imní/dul chun cinn páiste a phlé ar chúiseanna éagsúla:

- Ní féidir leis an bhfoireann maoirsiú cuí a dhéanamh ar a rang agus iad ag labhairt le tuismitheoir ag an am céanna
- Bíonn sé deacair a bheith discréideach nuair a bhíonn an oiread sin leanaí ina seasamh in aice láimhe

- Féadann sé náire a chur ar leanbh nuair a bhíonn a thuismitheoir ag caint leis an bhfoireann ag doras an tseomra ranga

Uaireanta, b'fhéidir go mbeadh ar thuismitheoir labhairt le ball foirne go práinneach. Uaireanta is gá na cruinnithe seo a reáchtáil gan fógra a thabhairt roimh ré. Beidh sé mar aidhm ag an bPríomhoide cruinnithe dá leithéid a éascú agus gach iarracht a chinntiú nach gcaillfidh na páistí sa rang aon chuid den am teagaisc/foghlama.

Mura bhfuil an príomhoide nó an múinteoir ranga ar fáil ar ghearrfhógra iarraimid ar thuismitheoirí breac-chuntas a fhágáil ar cad ba mhaith leo a phlé leis an rúnaí. **Ní chuirtear fáilte roimh láithreacht leanúnach na dtuismitheoirí i bhfoirgneamh na scoile agus ar thailte na scoile go dtí go mbíonn an ball foirne ar fáil. Rachaidh an ball foirne cuí i dteagmháil leis na tuismitheoirí chomh luath agus is féidir.**

Más mian le tuismitheoirí buail isteach le boscaí lóin, feisteas spóirt le linn am ranga srl, is féidir é seo a dhéanamh trí oifig an rúnaí ionas nach gcuirfí isteach ar an bhfoghlaim.

Is féidir cruinnithe leis an bpríomhoide a shocrú trí oifig na scoile. Nuair a bhaineann imní le cúrsaí ranga bítear ag súil go rachaidh na tuismitheoirí i dteagmháil leis an múinteoir ranga ar dtús báire.

Ní dhéanfar cruinnithe "halla an bhaile" a éascú le haon ghrúpa tuismitheoirí ar mian leo imní a ardú.

Cumarsáid ar líne & ar na Meáin Shóisialta

Tá suíomh idirlín www.scoilcm.ie, cuntas Facebook, agus leathanach Instagram ag Scoil Chaitlín Maude. Moltar do thuismitheoirí cuairt a thabhairt ar na suíomhanna seo go rialta le bheith chun dáta ar chúrsaí scoile, le trácht a dhéanamh agus le cur le postanna agus le heolas a roinnt chun poiblíocht a thabhairt don scoil agus gnóthachtálacha ár bpáistí.

Níor cheart ainm na scoile nó aon rud a aithníonn an scoil a úsáid ar líne ná ar na meáin shóisialta (mar shampla leathanach Facebook ranga a d'fhéadfadh tuismitheoirí a bhunú) ag baill den phobal lena n-áirítear tuismitheoirí gan cead sainráite i scríbhinn a fháil ón bpríomhoide nó ón mBord Bainistíochta. Iarrfaidh Scoil Chaitlín Maude fáil réidh le haon suíomh ar líne nó meáin shóisialta nach bhfuil ceadaithe ag an scoil.

Táimid bródúil as na caighdeáin arda atá inár scoil. Chun clú ár scoile agus cáil ár bhfoirne a chosaint, ní ghlacfar le haon tráchtaireacht a d'fhéadfaí a mheas a bheith clúmhilleadh in aon fhóram agus déanfaidh an scoil gach céim suas go dtí agus lena n-áirítear caingean dlí ina gcoinne siúd atá freagrach.

Cumarsáid i measc na foirne

Bíonn cruinnithe foirne ar go rialta. Bítear ag súil go bhfreastalóidh gach ball den fhoireann teagaisc agus ní mór don fhoireann neamhtheagaisc freastal ar iarratas ón bpríomhoide.
Bíonn uaireanta sceidealaithe eile ag an bhfoireann freisin (uaireanta pháirc an Chrócaigh) a leithdháiltear don phleanáil.
Feidhmíonn an fhoireann grúpa Whatsapp a úsáidtear chun nuashonruithe laethúla scoile, nuacht shóisialta agus imeachtaí a roinnt.
Tá ríomhphoist foirne agus clár fógraí Aladdin in úsáid freisin le haghaidh cumarsáide foirne.

Cumarsáid idir an scoil/bord bainistíochta/cumann na dtuismitheoirí

Buaileann ionadaithe an Bhoird Bainistíochta agus Choiste Chumann na dTuismitheoirí le chéile.
Tá ionadaí múinteoirí ar an mBord Bainistíochta a fhreastalaíonn ar chruinnithe.
Tá ionadaí múinteoirí ar Choiste Chumann na dTuismitheoirí a fhreastalaíonn ar chruinnithe. Tugann an t-ionadaí seo míreanna ar ais chuig an bhfoireann/Príomhoide le plé.
Go ginearálta bíonn cumarsáid ríomhphoist idir Scoil agus CCnadT teoranta do:

- Príomhoide go Cathaoirleach
- Cisteoir chuig an gCisteoir
- Le roinnt teagmhála riachtanach déanta idir ball amháin den CCT agus rúnaí na scoile (grianghraif don suíomh Gréasáin srl san áireamh)

Cumarsáid le gníomhaireachtaí seachtracha

Tá naisc le gníomhaireachtaí stáit ag Scoil Chaitlín Maudeó 1985. Ina measc tá:
NEPS / NCSE / SENO / HSE / Tusla / CAMHS / Foirne Cúraim Phríomhúil
Tá sé mar aidhm ag Scoil Chaitlín Maude naisc a dhéanamh leis an bpobal trí:

- Naisc le scoileanna áitiúla (Cruinnithe le POí eile, imeachtaí do dhaltaí)
- Naisc leis na Gardaí pobail
- Naisc le himeachtaí áitiúla
- Cíos halla na scoile

Cumarsáid trí oifig na scoile

Is é uimhir theileafóin na scoile 01 4520345 agus is é an seoladh ríomhphoist oifig@scoilcm.ie nó eolas@scoilcm.ie do na tuistí. Bíonn oifig na scoile ar oscailt ó 8.45am - 2.30pm gach lá ach amháin sos am lóin 30 nóiméad.
Caithfidh gach cuairteoir dul chuig fáiltiú na scoile agus iad féin agus a ngnó a chur in iúl do rúnaí na scoile/ball foirne.
Cuirfear tuismitheoirí ar an eolas faoi dhúnadh na n-oifigí roimh ré nuair is féidir.
D'fhéadfadh go mbeadh ócáidí ann ina bhfuil tuismitheoir ag iarraidh teagmháil a dhéanamh leis an scoil ar an nguthán agus/nó trí ríomhphost agus nach bhfuil freagra á fháil acu. Tá uaireanta oifige teoranta agus ní bhíonn an rúnaí ag an deasc i gcónaí. Iarraimid foighne le linn na n-amanna seo.

Cumarsáid ar ríomhphost – am freagartha

Léitear agus freagraítear ríomhphoist chuig oifig na scoile le linn uaireanta oibre; 8.50rn - 2.30in.
Féadfaidh amanna freagartha ríomhphoist ó rúnaí na scoile a bheith éagsúil ag brath ar na héilimh san oifig ag aon am ar leith. Meastar go bhfuil sé réasúnta 3-5 lá scoile a cheadú le haghaidh freagra (seachas tréimhsí saoire nuair nach ndéantar ach ríomhphost a sheiceáil go ham).
Féadfaidh amanna freagartha ar ríomhphoist chuig an bPríomhoide athrú go mór freisin ag brath ar na héilimh ag aon am ar leith. Ní mór tosaíocht a thabhairt do dhaltaí, don fhoireann agus do reáchtáil iomlán na scoile. Tá am freagartha de 5-7 lá scoile réasúnta.
Bíonn múinteoirí sa rang i rith an lae agus ní bheidh am acu rochtain a fháil ar ríomhphoist. Féadfaidh siad a bheith i mbun pleanála, cruinnithe nó nithe pearsanta tar éis uaireanta scoile agus mar sin arís is am freagartha réasúnta é 3-5 lá scoile.
Tugtar treoir don fhoireann teagaisc (lena n-áirítear an príomhoide) gan a ríomhphost oibre a bheith ar a bhfón pearsanta agus gan freagra a thabhairt ar ríomhphoist tar éis

5.30pm ar laethanta scoile mar chúirtéis dá gcomhghleacaithe.

Cruinnithe Tuismitheoirí/Múinteoirí

Is iad na spriocanna le Cruinnithe Tuismitheoirí/Múinteoirí ná:

- Dea-chumarsáid a bhunú agus a chothabháil idir an scoil agus na tuismitheoirí
- Tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi dhul chun cinn a bpáistí ar scoil
- Cabhrú le múinteoirí/tuismitheoirí aithne níos fearr a chur ar na leanaí mar dhaoine aonair
- Cuidiú le páistí a thuiscint go bhfuil an baile agus an scoil ag obair le chéile
- Na fadhbanna agus na deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an leanbh ar scoil a roinnt leis an tuismitheoir
- Athbhreithniú a dhéanamh leis an tuismitheoir ar thaithí scolaíochta an linbh
- Níos mó a fhoghlaim faoin leanbh ó dhearcadh an tuismitheora
- Aiseolas ginearálta a fháil ó na tuismitheoirí maidir leis an scoil
- Bealaí a aithint inar féidir le tuismitheoirí cabhrú lena bpáistí
- Cinntí faoi oideachas an linbh a idirbheartú le chéile

Cruinnithe Tuismitheoirí/Múinteoirí a eagrú

Eagrófar cruinnithe foirmeálta Tuismitheoirí/Múinteoirí uair sa bhliain do na ranganna ar fad, go hiondúil i mí na Samhna. Más mian le tuismitheoir cruinniú breise a eagrú ag am ar bith i rith na bliana chun a bpáiste a phlé, is féidir leo é sin a dhéanamh trí theagmháil dhíreach a dhéanamh le rúnaí na scoile nó le múinteoir ranga a linbh.

Úsáideann Scoil Chaitlín Maude treoirlínte ullmhaithe chun struchtúr a thabhairt do na cruinnithe. Féadfaidh siad seo a bheith éagsúil ó mhúinteoir go múinteoir ach ní mór aiseolas ar thinreamh, iompar, poncúlacht, torthaí trialacha caighdeánaithe (nuair is cuí) agus forbhreathnú ar dhul chun cinn tríd an gcuraclam a áireamh. Is féidir cruinnithe tuismitheoirí/múinteoirí a bheith ar siúl sna seomraí ranga, in oifigí, i seomraí tacaíochta nó i halla na scoile. Leithdháiltear sliotán ama 10-nóiméad do gach cruinniú ar féidir le tuismitheoirí a chur in áirithe tríd an aip Aladdin Connect. Má tá cruinniú níos faide ag teastáil ba chóir iad seo a sceidealú do lá eile.

Chun feidhmiú na scoile agus riachtanais na bpáistí agus na dtuismitheoirí eile a éascú, tá sé tábhachtach go gcoimeádtar cruinnithe de réir an ama a leithdháiltear. Socraítear amanna na gcruinnithe roimh ré agus ba chóir cloí leo ionas go bhfeicfear na tuismitheoirí ar fad in am chomh fada agus is féidir.

Cruinnithe a eagrú do Phlean Aonair/Plean Oideachais Aonair

Beidh cruinnithe foirmeálta idir tuismitheoirí agus baill foirne maidir le **Plean Oideachais Aonair/Plean Aonair** an linbh ar siúl i Meán Fómhair/Deireadh Fómhair. Más mian le tuismitheoir cruinniú a shocrú ag am ar bith i rith na bliana chun a bpáiste a phlé, is féidir

leo é sin a dhéanamh trí choinne a dhéanamh roimh ré. I gcás **tuismitheoirí idirscartha/colscartha**, éascóidh Scoil Chaitlín Maude iarratais ó thuismitheoirí bualadh le múinteoir(í) a bpáiste ina n-aonar le haghaidh cruinnithe tuismitheoirí/múinteoirí.

Tuairiscí Scoile

Ullmhaíonn Scoil Chaitlín Maude tuairiscí foirmeálta chun tuairisciú do thuismitheoirí ar dhul chun cinn agus ghnóthachtáil na scoláirí ar scoil gach bliain sa tríú téarma ag baint úsáide as teimpléid chártaí tuairisce mar a éilíonn an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (www.ncca.ie). Eisítear na tuairiscí tríd an aip Aladdin an tseachtain roimh dhúnadh na scoile do shos an tsamhraidh chun deis a thabhairt do thuismitheoirí soiléiriú a iarraidh ar an múinteoir ar aon rud atá i dtuairisc a bpáiste. Scríobhtar cártaí tuairisce i nGaeilge agus clúdóidh siad;

- Foghlaim agus gnóthachtáil an pháiste trasna an churaclaim
- Meonta foghlama an linbh
- Forbairt shóisialta agus phearsanta an linbh
- Bealaí inar féidir le tuismitheoirí tacú le foghlaim a bpáiste

Beidh tuairiscí do pháistí ina mbliain deiridh sa bhunscoil (rang a sé) i bhfoirm **Pas Oideachais**. Tacaíonn siad seo le haistriú eolais na ndaltaí ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil agus leanann siad teimpléad caighdeánach.

Sláinte, Sábháilteacht & Leas ar obair

Tháinig an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair i bhfeidhm ar 1 Samhain 1989. Is píosa tábhachtach reachtaíochta é do Bhoird Bainistíochta agus dóibh siúd a oibríonn i scoileanna, toisc gur tugadh scoileanna agus coláistí faoi scóip na reachtaíochta sábháilteachta den chéad uair.

Aithnítear go bhféadfadh foireann scoile a bheith i mbaol ó fhoréigean i bhfoirm mí-úsáid briathartha, bagairtí, ionsaithe nó imeaglú de chineál eile. Féadfaidh an t-iompar seo teacht ó dhaltaí, ó thuismitheoirí, ó chaomhnóirí, ó bhaill foirne eile nó ó ionróirí.

Maidir leis seo, ba chóir go mbeadh gach ball foirne ar an eolas faoi **Chiorclán ROS 40/97** a dhéileálann leis na nósanna imeachta atá le leanúint má bhraitheann siad go ndearnadh aon cheann de na hiompraíochtaí thuas orthu.

Ghlac An Bord Bainistíochta leis an bpolasaí seo agus cuireadh i bhfeidhm é láithreach.

Cathaoirleach:

Príomhoide:

Dáta: 09/10/24

AGUISÍN 1: Nósanna Imeachta Gearáin
Nósanna Imeachta Inmheánacha

An-Nos-Imeachta-Athbhreithnithe-maidir-le-Gearain-o-Thuismitheoiri

Ag Caint Leatsa

Communication Policy, Scoil Chaitlín Maude

Introductory Statement

The school and the family strive to be mutually supportive and respectful of each other and aim to work for the benefit of the child and their learning so that the child's education can be effective. The family and home are central to the social and intellectual development of the child and the nurturing of good, moral values.

This policy was developed by the Board of Management and staff of Scoil Chaitlín Maude in consultation with parents and pupils in the 2024-2025 school year. It's purpose is to provide information and guidelines to parents and staff on parent/staff communication including formal and informal parent/staff meetings.

We know from research that children do better, behave better and are happier at school when parents and teachers work closely together and when parents are able to give their children support at home.

The staff and Board of Management of Scoil Chaitlín Maude are committed to:

- Developing close effective links with parents
- Participating in meetings in a positive and respectful manner, affirming the central and fundamental role of parents as Primary Educators of their children
- Maintaining the ethos, values and distinctive character of Scoil Chaitlín Maude
- Supporting and facilitating the Parents Association
- Encouraging and facilitating the participation of parents in school life

Parents are encouraged to:

- Develop close links with the school
- Collaborate with the school in developing the full potential of their children

- Share the responsibility of seeing that the school remains true to its ethos, values and distinctive character
- Become actively involved in the school and Parents Association

In all matters pertaining to the wellbeing and education of pupils, only the parents/legal guardians will be consulted by staff. It is essential that all parents and legal guardians are named on the enrolment form.

Behaviour of all adults in the School

Positive and respectful communication is of high importance to our school. Adults in the school community (parents, staff, visitors) have a responsibility to ensure their own behaviour models the types of behaviour expected of children.

- All adults within the school are expected to speak to each other with respect, shouting or other aggressive tones are not acceptable. If any adult displays anger or aggression to another member of the school community, they may be asked to remove themselves from the building and/or school site. In severe cases, and if required, the Gardaí will be called
- The school will respect all children and parents' right to privacy so staff should not be asked to speak about any child except your own nor will staff offer any details or information in relation to other children

Things that the school needs to know to keep your children safe and healthy

- It is vital that the school is immediately informed if family events/situations occur that may cause anxiety to your child and could affect his/her education. Your first point of contact should always be your child's class teacher
- The school should always know who is collecting your child. The school secretary should have a list of people and their contact information who you have authorised to collect your child. Should this change the onus is on you to inform the school secretary of the change. You can provide this information by email or by dropping in to the school office or updating details on Aladdin. Under no circumstances will a child be released to anyone unauthorised/unknown to the school. If, at any time, parents alter the pick-up arrangements for their child, the school should be given written authorisation by the parent immediately

Structures in place to facilitate open communication and consultation with Parents

Consultation throughout the year including:

- Welcome day for new Junior Infants and their parents in June each year
- September class meetings. Teachers may meet with the parents of their class toward the end of September to introduce themselves and briefly outline the curriculum, class rules and expectations for the year
- Parent/teacher meetings one-to-one in January (a short, written record of the meeting is maintained by each teacher)

- Class teachers / Special Education Teacher (SET) meet with parents whose children have additional educational needs in September/ October, January/ February and May/ June

Written communication including:

- Emails sent from class teachers to parents
- Emails sent from parents to class teachers
- Messages sent through Aladdin connect
- Regular newsletters keep parents up-to-date with school events, holidays, decisions taken to change current policies and procedures or to introduce new ones and other school concerns
- Class updates through Aladdin
- School report for each pupil at the end of each school year (shared via Aladdin)
- Text/App messages for general reminders (e.g school closures, coffee mornings)
- Some Special Education Needs (SEN) pupils may have a home school diary. This is not a means of reviewing academic/social progress but rather serves as a useful tool to share information between home and school
- Emails from principal to families

In general, communication sent from the school will be 'paperless.' Emails sent from the school will be sent to the email address(es) provided at enrolment, unless otherwise requested by parents. Any paper communication sent from the school will be sent to the child's home address as given on the enrolment form, unless otherwise requested by parents.

Other structures and processes include:

- Parents are invited to discuss and contribute to the drafting and review of school policies through surveys and focus groups
- Parents are invited to events throughout the year e.g. Play days, Reading events, science exhibitions, Seachtain na Gaeilge, Friendship Week
- The Aladdin Connect app. We encourage all parents to utilise this app. Through this app contact details can be updated, consent can be sought, absences can be explained, school reports can be viewed, payments can be made

Procedures for parents to initiate communication with the school

If a parent wishes to consult with a teacher, they can contact the teacher to arrange a suitable time. In the event that a parent has a complaint, Appendix 1 outlines the procedures to be followed.

Classes begin at 8:45am and finish at 1:30pm (infants) and 2.30pm (1^{st}-6^{th}) and this time should not be interrupted. Meetings with the class staff at the class door or in the yard to discuss a child's concern/progress are discouraged on several grounds:

- Staff cannot adequately supervise their class while at the same time speaking to a parent
- It is difficult to be discreet when so many children are standing close by

- It can be embarrassing for a child when their parent is talking to staff at a classroom door

On some rare occasions a parent may need to speak to a staff member urgently. Sometimes these meetings need to take place without prior notice. The Principal will aim to facilitate such meetings making every effort to ensure that the children in the class do not lose out on any of the teaching/learning time.

If the principal or class teacher is unavailable at short notice we ask that parents leave an outline of what they wish to discuss with the secretary. The continued presence of parents in the school building and on school grounds until such time as the staff member is available is not welcome. The relevant member of staff will contact the parents as soon as is possible.

If parents wish to drop in lunch boxes, sports gear during class time etc, this can be done through the secretary's office so that learning is not disrupted.

Meetings with the principal can be arranged through the school office. When concerns relate to classroom matters parents are expected to engage with the class teacher first and foremost.

"Town hall" style meetings will not be facilitated with any group of parents wishing to raise concerns.

Online & Social Media Communication

Scoil Chaitlín Maude has a website www.scoilcm.ie, a Facebook and an Instagram page. Parents are encouraged to visit these sites regularly to keep up to date on school matters, comment and contribute to posts and share information to help publicise the school and the achievements of our children.

The school's name or anything that identifies the school should not be used on online or on social media (for example class Facebook page which might be set up by parents) by members of the public including parents without express written permission from the principal or Board of Management. Scoil Chaitlín Maude will request removal of any online or social media sites that are not approved by the school.

We are proud of the high standards in our school. In order to defend our school reputation and that of our staff, any commentary which may be deemed as slanderous in any forum will not be tolerated and the school will pursue all steps up to and including legal action against those responsible.

Communication between staff

Staff meetings take place regularly. All members of teaching staff are expected to attend and non-teaching staff must attend on request of the principal.

Staff also have other scheduled hours (Croke park hours) which are allocated to planning.

Staff operate a Whatsapp group which is used for sharing daily school updates, social news and events.

Staff emails and Aladdin noticeboard are also in use for staff communication.

Communication between School/Board/PAC

Representatives of the Board of Management and the Parents Association Committee meet annually.

There is a teacher representative on the Board of Management who attends meetings monthly.

There is a teacher representative on the Parents Association Committee who attends meetings. This representative also brings items back to the staff/Principal for discussion.

Email communication between School and PAC is generally limited to:

- Principal to Chairperson
- Treasurer to Treasurer
- With some necessary contact made between one member of the PAC and the school secretary (including photos for website etc).

Communication with outside agencies

Scoil Chaitlín Maude has enjoyed and benefited from links with state agencies since 2011. These include:

NEPS / NCSE / SENO / HSE / Tusla/ CAMHS/ Primary Care teams

Scoil Chaitlín Maude also aims to make links with the community through:

